C/2023/610

3.11.2023

Nótaí míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(C/2023/610)

De bhun Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear leis seo na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

Ar leathanach 276,

scriostar mír 3 de na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le fo-cheannteideal 6404 11 00 agus cuirtear na míreanna seo a leanas ina hionad:

'Leis an téarma "bróga leadóige, bróga cispheile, bróga giomnáisiam, bróga oiliúna agus a leithéidí" faoin bhfo-cheannteideal seo, cumhdaítear bróga lena léirítear an méid seo a leanas, de bhua a gcrutha, a ndéanaimh, a gcuma agus a n-ábhar

(a) tá siad deartha le haghaidh gníomhaíocht shonrach spóirt inar gá, de ghnáth, rith, gluaiseachtaí léime, casadh tapa agus stadanna tobanna a dhéanamh nó

(b) tá dearadh sonrach acu a fhágann nach féidir ach gníomhaíocht shonrach spóirt amháin a dhéanamh leo agus níl an dearadh sonrach sin oiriúnach don siúl amháin (mar shampla, bróga ailleadóireachta saorstíle, slipéir sholúbtha ghleacaíochta nó dhamhsa).

Is samplaí iad seoltóireacht, scuais, leadóg boird, agus eitpheil de na gníomhaíochtaí spóirt freisin. Mar sin féin, ní áirítear coisbheart atá deartha go príomha nó go heisiach le haghaidh canúáil bhánuisce, siúil, fálróide, fánaíochta, sléibhteoireacht thraidisiúnta, mar shampla.

Ní mór gnéithe a bheith ag bonn an choisbhirt atá deartha don rith, léim, casadh tapa agus stadanna tobanna chun na turraingí a eascraíonn as tuairt na ngluaiseachtaí sin a mhaolú. D'áireofaí pillíní aeir nó gáis, go háirithe i gcuid na sála den choisbheart, mar shampla, i measc gnéithe den sórt sin. Ní mór struchtúr sonrach a bheith ag an mbonn seachtrach a thacaíonn le casadh nó tá an bonn múnlaithe mar ghnáthbhonn reatha (bonn atá níos ísle chun tosaigh ná mar atá i gcuid na sála).

Thairis sin, ní mór d'uachtar an choisbhirt atá deartha don rith, léim, casadh tapa agus stadanna tobanna cobhsaíocht agus cothromaíocht a thabhairt don chos nuair a bhítear ag rith, ag léim, ag casadh nó ag stopadh go tapa. Féadfaidh ábhar an uachtair agus treisiú, stuáil agus líneáil an uachtair an chobhsaíocht agus an chothromaíocht sin a áirithiú agus an chos a chosaint (mar shampla, bairbín treisithe chun na barraicíní a chosaint).'

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.